# FÓGRA TOGHCHÁIN DÁLA

**DÁILCHEANTAR SLIGEACH /LIATROIM**

**De bhun eascaire a d'eisigh Cléireach Dháil Éireann domsa táim ar tí dul i mbun toghadh ceathrar Teachta Dála don dáilcheantar seo.**

**Féadfar páipéir ainmniúcháin a fháil ón seoladh thíos i rith na ngnáthuaireanta oifige.**

**Féadfaidh duine é/í féin a ainmniú mar iarrthóir nó féadfaidh tairgeoir a bheidh cláraithe mar thoghthóir Dála sa dáilcheantar é/í a ainmniú, lena chead/lena cead.**

**Ní mór deimhniú cleamhnachta polaitíochta a bheith ag gabháil le páipéar ainmniúcháin iarrthóra de chuid páirtí polaitíochta cláraithe, agus caithfear an deimhniú sin a thabhairt ar aird dom in éineacht leis an pháipéar ainmniúcháin líonta.**

**Mura mbíonn deimhniú ag gabháil leis ní mór don iarrthóir, roimh an tráth is déanaí chun glacadh le hiarratais**

- **30 aontú a bheith faighte aige nó aici le haghaidh an ainmniúcháin trí dhearbhuithe reachtúla ó thoghthóirí Dála a bheidh cláraithe sa dáilcheantar (tá foirmeacha le fáil uaimse nó ón údarás clárúcháin), nó**
- **€500 d'éarlais a leagan síos (is féidir éarlais a leagan síos ar son iarrthóra chomh maith).**

**Tá na sonraí faoi na riachtanais seo leagtha amach san Acht Toghcháin (Leasú) 2007.**

**Is é an t-am is déanaí chun ainmniúcháin a ghlacadh isteach an 12 a chlog meán lae an 22ú lá de Éanair, 2020.**

**Féadfaidh an t-iarrthóir nó a thairgeoir páipéir ainmniúcháin agus iad comhlánaithe a sheachadadh domsa go pearsanta aon tráth a mbeidh mé i m'oifig, ó 10 a chlog ar maidin an 18ú lá de Éanair, 2020 go dtí 12 a chlog meán lae ar an lá deiridh chun ainmniúcháin a ghlacadh.**

**Éilítear orm de réir dlí a bheith i láthair chun ainmniúcháin a ghlacadh idir 10 a chlog ar maidin agus 12 a chlog meán lae agus idir 2 a chlog agus 5 a chlog sa tráthnóna an 21ú lá de Éanair, 2020 agus idir 10 a chlog ar maidin agus 12 a chlog sa tráthnóna an 22ú lá de Éanair, 2020.**

**Má théitear in iomaíocht sa toghchán, beidh vótaíocht ann an 8ú lá de Feabhra, 2020 idir 7 a chlog ar maidin agus 10 a chlog sa tráthnóna.**

_Seosamh MacGabhan
**Ceann Comhairimh**

**Seoladh** **Teach na Cúirte,**

**Sligeach**

**Dáta** **17ú la de Eanair 2020**